Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10717 – KKR / PAI PARTNERS / BCI / REFRESCO)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 218/09)

1. An 23 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— KKR & Co. Inc. ("KKR", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— PAI Partners S.à.r.l. (PAI Partners, an Fhrainc), atá á rialú ag PAI Partners S.A.S.,

— British Columbia Investment Management Corporation ("BCI", Ceanada),

— Refresco Deutschland Holding GmbH ("Refresco", an Ísiltír), atá á rialú ag PAI Partners agus ag BCI.

Gheobhaidh KKR, PAI Partners agus BCI comhrialú iomlán ar Refresco de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é KKR a thairgeann bainistíocht mhalartach sócmhainní agus réitigh margaí caipitil agus árachais,

— Tá PAI Partners gníomhach i mbainistiú roinnt cistí a infheistíonn sna hearnálacha seirbhísí gnó, dáileacháin, bia agus tomhaltóirí, tionscal ginearálta, agus cúraim sláinte,

— Is gníomhaire de chuid Rialtas British Columbia é BCI, a dhéanann infheistiú thar ceann chliaint san earnáil phoiblí ar fud raon aicmí sócmhainní, lena n-áirítear ioncam seasta, cothromas poiblí, cothromas príobháideach, bonneagar, acmhainní in-athnuaite, eastát réadach agus morgáistí tráchtála,

— Is gníomhaí domhanda é Refresco atá gníomhach i dtáirgeadh agus buidéalú réimse leathan deochanna neamhalcólacha le haghaidh lipéid phríobháideacha ar leis na miondíoltóirí iad agus le haghaidh úinéirí branda faoi mhonaraíocht chonartha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10717 – KKR / PAI PARTNERS / BCI / REFRESCO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË